## Tuilte agus Gnólachtaí

Ba chóir do ghnólachtaí i gceantar atá i mbaol tuilte smaoineamh ar phlean tuile a fhorbairt ionas go mbeidh a fhios ag gach ball foirne cad ba chóir dóibh a dhéanamh i gcás tuile.

- Plean tuile a fhorbairt mar chuid de do straitéis sláinte agus sábháilteachta agus druileanna aslonnaithe a chleachtadh.
- A chinntiú go bhfuil scoithphointí gáis, leictreachais agus uisce marcáilte ar léarscáil atá stóráilte leis an bplean tuile.
- Smaoinigh ar bhaill foirne a bhféadfadh cúnamh speisialta a bheith ag teastáil uathu i gcás drochthuilte.
- Bíodh liosta de na huimhreacha éigeandála ar fáil go héasca, lena n-áirítear teagmhálacha do sholáthraithe fóntais agus teileafóin.
- Bí ar an eolas faoin áit a bhfuil ceimiceáin, olaí nó ábhair eile a d’fhéadfadh a bheith contúirteach nó a d’fhéadfadh uisce tuile a éilliú. Ba chóir iad seo a stóráil go sábháilte ó thuilte agus ó ghuaiseacha eile.
- Breithniú a dhéanamh ar an bhféidearthacht príomhoibríochtaí a bhogadh chuig áitreabh malartach más gá.
- Má tá feirm agat, ba cheart duit smaoineamh ar conas beostoc a bhainistiú i gcás tuile.
- Daoine a aithint ar féidir leo cabhrú roimh thuile, lena linn agus ina diaidh.



## Do Theach a Athchóiriú

Roinnt treoirlínte chun do mhaoin a athchóiriú go sábháilte agus go héifeachtúil.

- Glac grianghraif/físeáin chun an damáiste a thaifeadadh sula dtosaíonn tú ag obair athchóirithe ar do mhaoin.
- Is é cúrsaíocht aeir an bealach is fearr chun maoin a thriomú. D’fhéadfadh sé go dtógfadh sé seo am ach tá sé tábhachtach go bhfuil an mhaoin go hiomlán tirim sula mbogann tú ar ais isteach.
- Nuair atá duine gairmiúil á roghnú agat chun deisiúcháin a dhéanamh, bí cinnte roinnt meastachán a fháil agus iarr moltaí nó dearbhú comhaltais le comhlachtaí trádála.
- D’fhéadfadh sé nach mbeadh damáiste a dhéanann uisce tuile soiléir agus d’fhéadfadh sé a bheith an-chontúirteach seirbhís a chasadh air. Déan teagmháil le duine gairmiúil chun seirbhísí do mhaoine a sheiceáil lena chinntiú go bhfuil sé sábháilte iad a chasadh air arís.

## Réamhfhaisnéis na hAimsire

Eisíonn Met Éireann comhairle suas le seachtain roimh ré chun eolas luath a sholáthar maidir le haimsir chontúirteach fhéideartha.

- Podchraoladh laethúil www.met.ie/forecasts/listen-to-the-weather-forecast.
- Íoslódáil Aip Met Éireann le haghaidh réamhaisnéis mhionsonraithe 10 lá do do cheantar agus cláraigh le haghaidh fógraí rabhaidh le do thoil.

**LE HAGHAIDH TUILLEADH FAISNÉISE TÉIGH CHUIG**

**www.flooding.ie** Treoir maidir le tuilte

**www.floodinfo.ie** Tairseach eolais an OPW um eolas faoi thuilte, a thugann eolas dírithe ar shuíomhanna maidir le priacal tuile agus bainistiú tuile.

**www.gov.ie** Oibríonn an Roinn Coimirce Sóisialaí Scéim um Chúnamh Daonnúil do theaghlaigh incháilithe a bhfuil tionchar ag tuilte nó ag ócáid drochaimsire orthu.

**www.redcross.ie** Scéimeanna Tacaíochta Daonnúla Éigeandála na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta do ghnólachtaí, do chomhlachtaí pobail, deonacha agus spóirt

OEP Phone: 01-237 3800
Twitter: @emergencyIE
E-mail: oep@defence.ie

www.winterready.ie

# Bí Ullamh don Gheimhreadh

## TREOIR MAIDIR LE TUILTE






Rialtas na hÉireann
Government of Ireland





## Ag Ullmhú d'Ócáid Tuile

Is féidir le daoine den phobal atá i mbaol tuile tionchar tuile a laghdú trí phleananna a dhéanamh agus trí bheith ullamh le freagairt má bhíonn gá leis.

- Plean tuile teaghlaigh a ullmhú. Tá sé seo tábhachtach go háirithe i gcás ina bhfuil leanaí óga nó daoine aosta ann.
- Más duine aosta tú atá i do chónaí leat féin, smaoinigh ar an áit a bhféadfá dul i gcás tuile.
- Ullmhaigh paca tuile agus cinntigh go bhfuil a fhios ag gach duine cá bhfaighidh siad é. Ba chóir go mbeadh tóirse, roinnt éadaí te agus uiscedhíonach, buataisí báistí, trealamh garchabhrach agus pluid san áireamh i bpaca tuile.
- Bíodh liosta d'uimhreacha éigeandála ar fáil agat go héasca.
- Stóráil nithe agus doiciméid thábhachtacha thuas staighre nó os cionn an leibhéil is airde is féidir i gcás tuile.
- Smaoinigh ar tháirgí a d'fhéadfadh cabhrú leis an damáiste a d'fhéadfadh uisce tuile a dhéanamh do do theach a mhaolú





## Fíricí maidir le Tuilte

Tháinig méadú ar líon na n-ócáidí drochaimsire in Éirinn le blianta beaga anuas, iad siúd a mbíonn tuilte mar thoradh orthu san áireamh. Tuarann eolaithe go bhféadfadh an t-athrú aeráide a bheith ina chúis le tuilte níos minice amach anseo.

Is féidir le tuilte tionchar suntasach a imirt ar dhaoine atá ina gcónaí agus ag obair sna ceantair atá i gceist. Is féidir cur isteach ar sheirbhísí riachtanacha agus is féidir damáiste a dhéanamh do mhaoin agus do shealúchais nó iad a chailliúint. Níos measa fós, is féidir le tuilte a bheith ina chúis le gortú agus bás.

- Is féidir le 150mm uisce atá ag sreabhadh go tapa duine a leagan.
- Is féidir le 300mm uisce atá ag sileadh go tapa gluaisteáin a chur den bhóthar.
- Is féidir le huisce tuile clúdaigh dúnphoill agus draenála a bhogadh, rud a chruthaíonn contúirtí dofheicthe.
- Is féidir le sruthanna leictreacha dul trí uisce tuile ó línte agus cáblaí cumhachta tite.
- Is minic a bhíonn uisce tuile truaillithe ag foinsí amhail draenacha atá ag dul thar maoil agus bruscar.




## Ag Fanacht Sábháilte

Má bhíonn tionchar ag tuile ar do cheantar, ba cheart go mbeadh sábháilteacht mar thosaíocht agat i gcónaí.

- Múch gás agus leictreachas, má tá sé sábháilte é sin a dhéanamh.
- Stóráil earraí leictreacha thuas staighre nó os cionn leibhéal na tuile.
- Cinntigh go bhfuil aon chógas inrochtana go tapa.
- Ná déan iarracht siúl ná tiomáint trí uisce tuile.
- Seachain teagmháil le huisce tuile nuair is féidir mar d'fhéadfadh sé a bheith truaillithe nó éillithe.
- Bí cúramach agus tú ag siúl trí uisce éadomhain — d'fhéadfadh clúdaigh a bheith tagtha de dhúnphoill agus d'fhéadfadh guaiseacha eile a bheith faoi uisce nach bhfuil le feiceáil.
- Ná déan iarracht riamh snámh trí uisce atá ag sileadh go tapa — d'fhéadfaí tú a scuabadh chun siúil nó d'fhéadfadh rud éigin faoin uisce tú a bhualadh.
- Caith éadaí oiriúnacha i gcónaí agus tú ag obair in uisce tuile nó gar dó.